Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12489/25**

**CES 47**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030 – Glacadh |

1. Rachaidh téarma oifige reatha chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa in éag an 20 Meán Fómhair 2025[1].

2. De bhun Airteagal 302 CFAE, glacann an Chomhairle liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na moltaí arna ndéanamh ag gach Ballstát tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin, agus de réir an nós imeachta a leagtar amach in 14673/24, tá tograí [2] tíolactha ag na Ballstáit le haghaidh iarrthóirí lena gceapadh ina gcomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n- aisghairtear agus lena n- ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1).

[2] 8044/25 + REV 1, 8719/25, 8720/25, 8915/25, 8919/25, 8923/25, 8957/25, 8958/25, 8988/25, 8990/25 + REV 1, 8992/25, 9199/25, 9223/25, 9231/25, 9442/25, 9453/25, 9562/25, 9686/25, 9698/25, 9722/25, 9726/25, 10117/25, 10162/25

4. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis na moltaí a rinne na Ballstáit roimh an 10 Meitheamh 2025.

5. An 29 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún a thuairim fhabhrach maidir le 249 gcomhalta as na 266 chomhalta a moladh. Maidir leis na 17 gcomhalta eile a moladh, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar an gComhairle ina leith agus tá a thuairim maidir leis na moltaí sin ar feitheamh.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 12272/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

7. Nuair a bheidh comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ceaptha trí bhíthin an chinnidh a leagtar amach in 12272/25, leanfar, ar dháta níos faide anonn, de chomhaltaí eile a cheapadh, nár cuireadh na moltaí lena gceapadh in iúl don Chomhairle roimh an 10 Meitheamh 2025, nó a bhí faoi réir iarraidh bhreise ar fhaisnéis ón gCoimisiún chuig an gComhairle.